An Roinn Oideachais
Department of Education

# Sonraíocht churaclaim le haghaidh Laidin na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# Clár Ábhar


An tSraith Shinsearach 2

Réasúnaíocht 4

Aidhmeanna 6

Leanúnachas agus dul chun cinn 7

Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach 8

Príomhinniúlachtaí 9

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama 12

Snáithe 1: Teanga na Laidine 14

Snáithe 2: Litríocht i gComhthéacs 18

Teagasc ar fhoghlaim an scoláire 21

Measúnú 25

Socruithe réasúnta 28

Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh 30

# An tSraith Shinsearach

Cuirtear oideachas ar an duine ar fad sa tsraith shinsearach agus cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena fholláine ar bhonn ginearálta. Le linn na sraithe sinsearaí, forbraíonn an scoláire braistint níos láidre ar a fhéiniúlacht agus é ag foghlaim in éineacht lena chomhscoláirí, le múinteoirí agus le daoine fásta eile, agus ag foghlaim uathu. Tá ocht dtreoirphrionsabal sa tsraith shinsearach.

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí |
|---|
| Folláine agus caidreamh |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol |
| Rogha agus solúbthacht |
| Leanúnachas agus aistrithe |
| Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus iad ag pleanáil agus ag dearadh a sraithe sinsearaí agus é mar aidhm acu feabhas a chur ar an eispéireas oideachais do chách.

Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil, príomhinniúlachtaí, torthaí foghlama agus réimse cur chuige i leith fhoghlaim an scoláire a mheas mar chuid de. Cuirtear lena fhoghlaim sa tsraith shóisearach, agus tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin. Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina dtugtar dúshlán an scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar aidhm aige, i gcomhréir lena chuid inniúlachtaí agus cumas féin. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus iad ag roghnú conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach. Ba cheart go gcuirfeadh na heispéiris sa tsraith shinsearach, bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Chomh maith leis sin, soláthraítear deiseanna freisin do gach uile scoláire le linn na sraithe sinsearaí chun taithí a fháil ar an lúcháir a bhaineann le clocha míle suntasacha a bhaint amach ina aistear oideachasúil pearsanta. Ba cheart go gcuirfeadh gach aon mhodúl agus ábhar ar a bhfaighidh an scoláire taithí, le réadú na físe foriomláine seo don tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ghabhann a spéis, a éascaíonn dó dul chun cinn agus feabhsúchán a dhéanamh agus a chuid foghlama a dhoimhniú agus a chur i bhfeidhm agus machnamh a dhéanamh uirthi agus
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

# Réasúnaíocht

Is teanga ársa an Latium í an Laidin, réigiún i gcathair Iodálach na Róimhe. De réir mar a d'éirigh an Róimh ina cumhacht cheannasach idirnáisiúnta, labhraíodh agus scríobhadh an Laidin ní hamháin sa Róimh, ach ar fud na hEorpa, Thuaisceart na hAfraice agus an Neasoirthir. Sna meánaoiseanna agus sna nua-aoiseanna luatha, mheas níos mó agus níos mó daoine gur ghnéithe 'clasaiceacha' iad litríocht agus cultúr dheireadh Phoblacht na Róimhe agus thús an *Principate* (na chéad aoiseanna R.Ch./A.D.), rud a d'fhág gur soláthraíodh múnlaí chun staidéar a dhéanamh orthu agus iad a leanúint, fad is go raibh an Laidin mar theanga idirnáisiúnta na litríochta, na taidhleoireachta, na heolaíochta, na fealsúnachta, an léinn agus an reiligiúin i gcónaí, ar fud Iarthar na hEorpa. Ba í an Laidin an bhunchloch do theangacha ar nós na Fraincise, na hIodáilise, na Portaingéilise, na Rómáinise agus na Spáinnise, agus bhí tionchar as cuimse aici ar theangacha an iarthair – is deacair abairt Bhéarla a chur le chéile sa lá atá inniu ann gan aon fhocail a úsáid a thagann ón Laidin, agus tá an Laidin lárnach i gcónaí do théarmaíocht theicniúil réimsí an dlí, an leighis, agus na n-eolaíochtaí. Is teanga thábhachtach agus spreagúil í an Laidin le staidéar a dhéanamh uirthi sa lá atá inniu ann mar gheall air sin.

Cuirtear foghlaim agus comhdhlúthú réimse leathan croí-scileanna chun cinn sa Laidin. Tá roinnt cosúlachtaí eatarthu seo agus an t-eispéireas nuatheanga iasachta a fhoghlaim, ach is scileanna ar leith iad chomh maith i dtaobh mháistreacht a fháil ar theanga chlasaiceach. Agus nuatheanga iasachta á foghlaim, is é an phríomhaidhm ná a bheith i d'úsáideoir ábalta na teanga sin, a éilíonn béim a leagan ar réimsí ar nós na cainte agus na héisteachta. Is é príomhchuspóir fhoghlaim na Laidine é a bheith ábalta téacsanna scríofa a léamh a bhfuil tábhacht chultúrtha agus spraoi ag baint leo ar nós scéalta, dánta, startha, drámaí agus scripteanna na n-óráidí cáiliúla.

Forbraíonn scoláire na Laidine an cumas go leor cineálacha téacsanna éagsúla a léamh go cúramach, a thuiscint, a mheas, a chomhghaolú agus a lonnú, ag cuimhneamh ar ghnéithe cosúil leis an seánra, an struchtúr, an stíl, an chlaontacht agus an comhthéacs sochstairiúil. Foghlaimíonn sé le heolas teangeolaíochta a aithint, a eagrú agus anailísiú, agus a léirmhíniú agus a meastóireacht ar na téacsanna a mhíniú go soiléir agus go loighciúil. Forbraíonn sé an cumas foirmeacha na bhfocal agus struchtúir na n-abairtí a anailísiú go córasach chun léirmhíniú ceart na ráiteas a fháil amach, an smaointeoireacht loighciúil a fhorbairt maidir leis an ngastacht intleachta agus an cumas cognaíoch fadhbanna casta a réiteach. De réir mar a chuireann an scoláire lena stór focal Laidine, beidh níos mó agus níos mó muiníne aige maidir le brí na bhfocal Béarla agus Gaeilge a thagann ón Laidin nó a bhfuil baint acu léi a aithint agus cuimhneamh orthu. Ar an gcéad dul síos, áfach, forbraíonn sé tuiscint ar áilleacht na teanga, agus ar an spraoi a bhaineann le téacsanna a léamh agus a phlé.

Tríd an Laidin a fhoghlaim, faigheann an scoláire rochtain dhíreach ar litríocht, ar chultúr agus ar smaointe na Sean-Róimhe agus foghlaimíonn sé an chaoi go gcuireann stair na Róimhe eolas ar fáil don am i láthair i gcónaí. Ag baint úsáid as an eolas atá aige ar an teanga, iniúchann sé téacsanna na Laidine ina gcomhthéacsanna difriúla. Forbraíonn sé litearthacht chultúrtha láidir agus é ag fiosrú éachtaí, luachanna agus traidisiúin 'daoine eile', idir chinn a bhfuil cleachtadh aige orthu agus chinn dhifriúla. Cabhraíonn staidéar a dhéanamh ar an Laidin leis an scoláire a bheith rannpháirteach, feasach agus nasctha go cultúrtha. Méadaíonn sé a fheasacht ar a thimpeallacht agus a éiteas cultúrtha féin, agus múineann dó le tuiscint a bheith aige ar thraidisiúin agus luachanna daoine eile.

Tá spás sábháilte le fáil trí thumadh i ndomhan na Sean-Ghréige le do mhachnamh a dhéanamh ar cheisteanna conspóideacha amhail inscne, eitneacht, gnéasacht, aicme, reiligiún, luachanna

agus chumhacht pholaitiúil, agus tugann sé cuireadh don scoláire smaoineamh orthu féin i dtéarmaí na dtéamaí seo. Forbraíonn an scoláire an cumas le tuairimí a fhoirmiú agus machnamh a dhéanamh orthu, meas a bheith aige ar thuairimí daoine eile, agus breithnithe eolacha a dhéanamh bunaithe ar smaointeoireacht chriticiúil. Cabhróidh an tuiscint seo leis an scoláire a bheith mar shaoránach freagrach agus ina rannpháirtí gníomhach i bpobail áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta an lae inniu atá ag éirí níos éagsúla agus níos casta.

Comhlánaíonn agus spreagann an Laidin naisc idir go leor ábhar eile sa tsraith shinsearach ina measc an Léann Clasaiceach agus an tSean-Ghréigis, an Béarla, an Ghaeilge, agus na nuatheangacha iasachta; an Stair, an Ealaín, an Ceol, an Pholaitíocht agus an tSochaí, agus an Reiligiún; agus fiú amháin an Mhatamaitic, an Ríomheolaíocht, agus na heolaíochtaí nádúrtha.

Trí thraenáil na Laidine a cheangal le feasacht teanga ginearálta le béim ar an tuiscint théacsúil, liteartha agus chultúrtha, cuireann an t-ábhar deiseanna ar fáil do ghníomhaíochtaí traschuraclaim agus idirdhisciplíneacha sa seomra ranga. Forbraítear smaointeoireacht loighciúil an scoláire, cothaítear an tsamhlaíocht, an chruthaitheacht agus dúil an scoláire don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus spreagtar comhbhá agus féinmhachnamh. Spreagtar meas a léiriú ar struchtúir, ar fheidhmiú agus ar chumhachta na teanga, agus meas a léiriú ar an stair í féin agus mar bhunchloch don am i láthair.

# Aidhmeanna

Tá sé mar aidhm ag Laidin na hArdteistiméireachta an inniúlacht, an fhiosracht agus an spéis sa Laidin agus sa litríocht, sa stair agus i gcultúr na Róimhe a chothú. Tugtar cuireadh don scoláire na slite a aithint ina gcuireann an dá cheann eolas ar fáil don am i láthair i gcónaí agus an léargas seo a úsáid chun cabhrú leis a bhealach a dhéanamh trí dhomhan ilteangach agus ilchultúrtha an lae inniu mar shaoránach gníomhach agus freagrach. Forbraíonn Laidin na hArdteistiméireachta eolas, scileanna, luachanna agus meonta a cheadaíonn don scoláire meas a léiriú ar eispéireas na dtéacsanna a léamh a scríobhann i dteanga chlasaiceach a bhfuil tábhacht chultúrtha ag baint léi, a bheith buíoch as an idirspleáchas idir an teanga agus an cultúr, agus spraoi a bhaint as an bhfoghlaim teanga. Cothaítear tuiscint ar an tslí ina n-oibríonn teangacha, na naisc idir teangacha, agus luach na dteangacha chun críocha pearsanta, oideachasúla, gairme agus fóillíochta ar feadh an tsaoil.

Le bheith níos cruinne faoi, tá sé mar aidhm ag Laidin na hArdteistiméireachta an chumhacht a thabhairt don scoláire:

- an cumas a fhorbairt chun struchtúir agus stór focal theanga na Laidine a aithint
- scileanna a fhorbairt don anailís chriticiúil agus don mheastóireacht agus iad seo a chur i bhfeidhm chun eolas a agus sult a bhaint as réimse leathan téacsanna na Laidine.
- feasacht a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha agus an gaol atá eatarthu
- bheith ina fhoghlaimeoir teanga athmhachnamhach agus neamhspleách a bhfuil páirt ghníomhach aige i monatóireacht agus i measúnú a dhéanamh ar a dhul chun cinn féin
- taitneamh a bhaint as an taithí teanga a fhoghlaim agus an fheasacht agus inniúlacht teanga chuí a fhorbairt chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fóillíochta a bhaineann le teanga go gníomhach agus tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an Laidin agus ar theangacha eile.
- meas a chothú ar an éagsúlacht teanga agus chultúrtha agus ar an idirspleáchas idir an teanga agus an cultúr
- téacsanna na Laidine a nascadh lena gcomhthéacsanna stairiúla, sóisialta agus liteartha agus iad a lonnú laistigh de raon níos leithne an chultúir Rómhánaigh.
- tús a chur le meas a léiriú ar na tréithe aeistéitiúla agus ar thábhacht sheasmhach na dtéacsanna liteartha a scríobhadh sa Laidin
- suim a fhorbairt sa domhan Rómhánach agus dúil a chur san fhoghlaim faoin stair ársa agus an stair a chur ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht.
- measúnú a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir an domhan Rómhánach agus domhan an lae inniu
- meas a léiriú ar an tionchar a bhí ag cultúir agus teangacha na Róimhe agus an domhain Rómhánaigh ar chultúir nua-aimseartha agus ar theangacha nua-aimseartha.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Tógann Laidin na hArdteistiméireachta ar an eolas, ar na scileanna, ar na luachanna agus ar na meonta a eascraíonn ó oideachas an scoláire ón gcóras luathóige go dtí an tsraith shóisearach san iar-bhunscoil.

## An tSraith Shóisearach

Leanann formhór na scoláirí le staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an mBéarla i gcéim iar-bhunscoile a n-oideachais. Anuas air sin, tugtar deis do scoláirí na sraithe sóisearaí an tríú teanga nó teanga eile a fhoghlaim. Tugtar na scileanna agus na straitéisí don scoláire trí shonraíochtaí teanga na sraithe sóisearaí chun buntaca a chur le foghlaim teanga, teangacha nach raibh aon taithí acu orthu roimhe sin ina measc. Ceadaíonn sonraíocht Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí don scoláire díriú go sonrach ar thuilleadh a fhoghlaim faoi chultúir agus faoi theangacha na Sean-Ghréige agus na Róimhe. Téann scoláire an Léinn Chlasaicigh i ngleic le staidéar na dtéacsanna clasaicigh agus le staidéar an chultúir ábhartha, agus féadfar teanga chlasaiceach a chur in aithne dó, an Laidin nó an tSean-Ghréigis.

## Indiaidh na Sraithe Sinsearaí

Mar thoradh ar staidéar a dhéanamh ar an Laidin is féidir go leor gairmeacha iontacha agus sásúla a bhaint amach, mar shampla scríbhneoir cruthaitheach, staraí, criticeoir liteartha, iriseoir; fostaíocht in eagraíochtaí rialtais, eagraíochtaí dlí reachtúla agus deonacha agus in earnáil na n-ealaíon, na n-eolaíochtaí agus an oideachais.

# Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire **laistigh** de na hábhair agus na modúil a nglacann sé páirt iontu **agus** gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire ag a bhfuil baint lena eispéiris sraithe sinsearaí **ar fad**. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris **ar fad** sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an fhoghlaim a tharlaíonn **laistigh** den ábhar nó den mhodúl sonrach faoin teideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is é an scoláire a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach don scoláire a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, leanann an scoláire ar aghaidh ag baint tairbhe as

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dó aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina shaol mar dhuine fásta le linn dó caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina shaol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus an scoláire ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt aige agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair an scoláire a dhoimhniú, éiríonn an scoláire níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena fhorbairt iomlánaíoch mar dhuine.


# Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach comhtháite le linn na sraithe sinsearaí.




Fíor 1: Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mianaítear leo

Leagtar amach an t-eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.




Fíor 2: Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht.

Tá na hinniúlachtaí seo idirnasctha agus is féidir iad a thabhairt le chéile; tá siad in ann foghlaim iomlán an scoláire a fheabhsú; in ann cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí foghlama difriúla; agus tá tábhacht ag baint leo ar fud an churaclaim.

Cuireann forbairt litearthachta agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht an scoláire a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena chuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

Is féidir na príomhinniúlachtaí a fhorbairt sa Laidin ar réimse bealaí, mar atá leagtha amach go cuimsitheach i Réasúnaíocht, in Aidhmeanna, i Snáitheanna agus i dTorthaí Foghlama na sonraíochta seo agus a bhfuil achoimre tugtha orthu thíos.

## Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach; a bheith cruthaitheach

Tugann an Laidin deis don scoláire a bheith ag cuimhneamh go criticiúil ar argóintí, ar fhianaise agus ar smaointe a léirítear sna téacsanna a ndéantar scrúdú orthu, an Príomhthéacs ina measc. Cuirtear dúshlán roimhe na téacsanna seo a mhíniú i gcomhthéacs an ama inar scríobhadh iad agus chomh maith leis sin anailís a dhéanamh orthu i dtéarmaí shochaí an lae inniu. Cothaítear fiosracht agus cruthaitheacht an scoláire trí bhríonna agus comhthéacsanna théacsanna na Laidine a fhiosrú. Ceadaítear dó a chuid scileanna cruthaitheacha a fhorbairt mar aon lena thuiscint chriticiúil ar fheiniméin chultúrtha agus ar ghnéithe na teanga. De réir mar a thuigtear teanga na dtéacsanna, ag aithint chiall na bhfocal, na bhfoirmeacha gramadaí agus na struchtúr comhréireach, faigheann an scoláire tuiscint níos doimhne ar phátrúin agus ar chórais.

## Ag obair le daoine eile; rannpháirtíocht sa tsochaí; ag déanamh cumarsáide


Toisc gur córas cumarsáide í teanga, tugtar cumhacht do scoláire na Laidine nasc a chruthú leis na scoláirí eile agus meas ar an gcomhoibriú a chothú. Comhoibrítear ar réimse leathan gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le téacsanna na Laidine a chothaíonn spreagadh agus a bhaineann leas as na buanna uilig an ghrúpa. Spreagtar an scoláire freagra a thabhairt ar dhearcthaí difriúla i leith an ábhair a bhfuil sé ag déanamh staidéir air. Bíonn an-tábhacht ag baint leis an bplé agus leis an aimsiú le linn don scoláire a bheith ag obair le daoine eile chun tuiscint níos doimhne a fháil ar théacsanna na Laidine, plé a dhéanamh ar bhríonna, agus measúnachtaí meáite a chur le chéile. Ag iniúchadh mhiondifríochtaí théacsanna na Laidine agus a gcomhthéacsanna stairiúla, forbraíonn an scoláire tuiscint lena chomhghleacaithe ar an gcultúr agus ar shochaí na sean-Rómhánach agus úsáideoirí eile na teanga. Ansin is féidir leis an t-eolas seo a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht leis an tsochaí agus leis an gcultúr comhaimseartha. Ceadaíonn sé seo meas níos saibhre ar an domhan ina mairimid agus tugann sé na scileanna cuí don scoláire chun dul i ngleic le castacht na sochaí comhaimseartha go cumasach. Le linn dó staidéar a dhéanamh ar an Laidin, cuireann an scoláire tuilleadh forbartha ar phríomhinniúlacht na cumarsáide de réir mar a fhoghlaimítear tuairimí a chur in iúl agus a roinnt, chomh maith le smaointe agus fionnachtana trí a bheith ag comhrá agus a bheith ag éisteacht go gníomhach agus foghlaimítear le heolas ábhartha agus sothuigthe a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil leibhéil éagsúla eolais ar an teanga agus ar an ábhar acu.

## Folláine a chothú; féinbhainistiú agus foghlaim

Is gá le tuiscint a fháil ort féin agus ar dhaoine eile chun an fholláine a chothú. Bíonn scoláire na Laidine tumtha sa domhan ársa, atá cosúil lenár sochaí féin ar roinnt bealaí, ach atá an-difriúil ar bhealaí eile. Tugann an domhan i gcéin seo, a bhfuil roinnt aithne againn air ag an am céanna, spás sábháilte ar fáil chun topaicí tábhachtacha ach íogaire a fhiosrú agus a phlé, mar shampla an inscne, an eitneacht, an aicme, an reiligiún, na luachanna agus an pholaitíocht. Trí scrúdú a dhéanamh ar théacsanna na Laidine, déanann an scoláire machnamh ar na topaicí seo i gcomhthéacs a shaoil féin agus spreagann an tumadh seo é chun tuiscint a fháil ar agus meas a léiriú ar thuairimí eile. Dá réir sin ceadaítear dó cinntí feasacha a dhéanamh bunaithe ar réimse leathan foinsí ábhartha agus criticiúla. Tríd is tríd, tugann na gníomhaíochtaí agus próisis éagsúla a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an Laidin tuiscint mhaith don scoláire ar an gcaoi lena chuid foghlama agus é féin a bhainistiú maidir leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Bíonn eolas aige ar struchtúir, ar rialacha agus ar ghnásanna na teanga agus an chultúir, a chabhróidh leis tuiscint a fháil ar an domhan mórthimpeall orthu. Tacaíonn tuiscint a bheith ag duine ar chórais na teanga agus an cultúir leis an bhféinfheasacht, leis an bhféinmhuinín agus leis an teacht aniar in éadan dhúshlán an tsaoil.

## Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Cuirtear sonraíocht Laidin na hArdteistiméireachta i láthair in dhá shnáithe a bhfuil dhá phríomhghné acu:




Fíor 3: Struchtúr snáithe sa tsonraíocht Laidine

Ceapadh an tsonraíocht do Laidin na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad d'am ranga.

Roinntear dhá shnáithe na sonraíochta, Teanga na Laidine agus Litríocht i gComhthéacs chun idirdhealú a dhéanamh idir na scileanna a bhaineann le teanga a shealbhú agus na scileanna a bhaineann le téacsanna a thuiscint a scríobhadh ina dteanga dhúchais, a luach liteartha, a gcomhthéacs stairiúil, agus a dtábhacht chultúrtha. Tá siad, mar sin féin, idirghaolmhar agus idirspleách, agus níor cheart na snáitheanna agus na torthaí foghlama a mheas astu féin, ach aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach go hiomlán comhtháite. Cé go bhfuil uimhreacha ar na snáitheanna agus ar na torthaí foghlama, is ar mhaithe le haitheantas éasca agus dul tríd éasca a dhéantar é sin agus ní thugann sé ordlathas le tuiscint. Aithnítear go gcaithfidh an scoláire inniúlacht teanga, agus inniúlacht ilchultúrtha agus ilteangach, a fhorbairt ag an am céanna, chomh maith leis an gcumas téacsanna ón am atá caite a thuiscint laistigh dá gcomhthéacsanna éagsúla, chun aidhmeanna na sonraíochta a bhaint amach.

Leagadh amach an tsonraíocht sa bhealach seo le tacú le múinteoirí pleanáil don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú. Sainaithníonn an múinteoir cosáin tríd an tsonraíocht a fhreagraíonn do réamhfhoghlaim an scoláire chun tuiscint agus feidhmiú a scileanna teanga a dhoimhniú. Trí dhul i ngleic le teanga, téacsanna agus comhthéacsanna a éiríonn níos casta agus níos casta de réir a chéile, éiríonn an scoláire ina léitheoir agus ina léirmhínitheoir litríocht na Laidine níos cumasaí agus níos muiníní.

Is féidir leis an scoláire dul i ngleic le haon ábhar barántúil Laidine, atá curtha in oiriúint nó curtha le chéile le linn dó staidéar a dhéanamh ar na snáitheanna, ach bíonn sé ag obair i dtreo léamh domhain, feasach ó thaobh an chomhthéacs de ar an bPríomhthéacs atá leagtha síos. Is é cuspóir an phríomhthéacs ná béim chomónta an staidéir agus an scrúdaithe a chur ar fáil do gach scoláire,

beag beann ar a chonair foghlama aonair, na téacsleabhair a úsáideadh, agus na téacsanna Laidine a scrúdaíodh sa seomra ranga nó go neamhspleách. Cuireann an Príomhthéacs buaicthaithí agus taithí chomhtháiteach ar fáil, a cheadaíonn don scoláire an príomheolas agus na príomhscileanna a foghlaimíodh sa chúrsa a léiriú agus a chur i bhfeidhm ar théacs Laidine atá spreagúil, saibhir ó thaobh an chomhthéacs de agus ag an leibhéal deacrachta cuí. Chun dul i ngleic leis an bPríomhthéacs, ní leagtar béim ar mhéid an téacs Laidine a ndéantar staidéar air, ach ar chaighdeán rannpháirtíocht an scoláire leis an mbuntéacs Laidine seo agus na comhthéacsanna éagsúla inar féidir leis a bheith lonnaithe.

Eiseoidh an Roinn Oideachais ciorclán gach scoilbhliain a bhainfidh leis an ábhar atá leagtha síos don scrúdú. Cuirfear teideal agus údar an phríomhthéacs ar fáil sa chiorclán, mar aon le sleachta ar leith agus treoir maidir leis an gcomhthéacs ginearálta (gnéithe liteartha, cultúrtha, stairiúla, mar shampla). Cuirfear liosta d'fhoirmeacha gramadaí agus struchtúir ghramadaí ar fáil sa chiorclán chomh maith, atá leagtha síos don scrúdú Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil.

Nuair a bhí na snáitheanna agus torthaí foghlama á gceapadh don tsonraíocht seo, tugadh aird ar leith ar na coincheapa agus na smaointe seo a leanas:

- bíonn teangacha idirghaolmhar agus idirnasctha, go háirithe ag leibhéal an duine aonair
- tugann gach scoláire stór teangeolaíoch uathúil agus éagsúil chuig a thaithí foghlama teanga
- ní choinnítear teangacha agus cultúir astu féin i gcomhpháirteanna intinne
- cuireann gach eolas agus taithí teanga, teangacha clasaiceach ina measc, le hinniúlacht chumarsáideach a thógáil.

Tugtar achoimre ghairid ar gach snáithe thíos, agus tábla ina ndiaidh. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil. Cuireann CNCM liosta táscach de stór focal agus treoirlínte ar fáil mar thacaíocht do mhúinteoirí.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal cumais féin. Cuireann siad próisis teagaisc, foghlama agus measúnaithe chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Tacaítear le foghlaim an scoláire trí réimse cur chuige oideolaíochta a théann i ngleic lena inniúlachtaí cognaíocha go cuí.

Leagtar amach gluais téarmaí a mbaintear úsáid astu sna Torthaí Foghlama in Aguisín 1.

## Snáithe 1: Teanga na Laidine

Ag croílár aidhmeanna na sonraíochta seo tá mian gach scoláire a thugann faoi Laidin na hArdteistiméireachta a bheith ina léitheoir cumasach de na téacsanna a bhfuil tábhacht chultúrtha agus stairiúil ag baint leo a scríobhadh sa teanga na blianta fada ó shin, ar nós eipicí mór le rá, startha, dánta, óráidí, drámaí, saothair fhealsúnacha nó inscríbhinní. Tugann sé seo le fios go bhfuil bundifríochtaí idir inniúlacht i dteanga chlasaiceach a fhoghlaim agus nuatheanga iasachta a fhoghlaim, toisc gurb é an sprioc é a bheith *i d'úsáideoir* cumasach na teanga iasachta sa dara cás. As na ceithre mhodh cumarsáide – an gabhchumas, an t-idirghníomhú, an táirgeadh agus an idirghabháil[1] – tugtar tús áite do roinnt gnéithe an ghabhchumais agus na hidirghabhála agus teanga chlasaiceach á foghlaim, na scileanna a bhaineann le tuiscint na léitheoireachta agus leis an aistriúchán ina measc. Bítear dírithe ar ghnéithe eile cosúil leis an gcaint, leis an éisteacht, leis an idirghníomhú agus leis an idirghabháil sa teanga a ndéantar staidéar uirthi, ar bhealach a chabhraíonn leis an scoláire príomhspriocanna an chúrsa a bhaint amach.

Eagraítear na torthaí foghlama sa snáithe seo faoi dhá theideal. Spreagtar cumas an scoláire téacsanna scríofa sa Laidin a iniúchadh agus sult a bhaint astu tríd na torthaí foghlama a bhaineann leis an ngné *Téacsanna Laidine a thuiscint*. Chun cur lena scileanna léitheoireachta agus inniúlachtaí teangeolaíocha, sochtheangeolaíocha agus pragmatacha a bhfuil gá leo chun téacsanna Laidine barántúla a léamh, tugann an scoláire faoi réimse leathan gníomhaíochtaí. Cuireann an scoláire focail agus nathanna de ghlanmheabhair a thagann chun cinn arís is arís eile in abairtí agus i dtéacsanna. Faightear feidhm ghramadúil agus brí na foclaíochta amach i bhfrásaí, i gclásail agus in abairtí. Déantar plé ar thuiscintí féideartha agus déantar féidearthachtaí aistriúcháin difriúla agus débhríonna a mheas leis na comhscoláirí, ag foghlaim cén chaoi le focail Laidine a fhuaimniú i gceart, agus tuiscint a fhorbairt ar ord eolais agus ar fhórsa pragmatach na n-abairtí Laidine. Foghlaimítear le heolas ar leith a lorg i dtéacsanna, a struchtúr agus a n-ábhar a shoiléiriú, plé a dhéanamh ar a nádúr ar leith, ag déanamh idirdhealú idir tréithe na seánraí liteartha ar leith nó idir na cineálacha téacs. Fástar ina léitheoir dlúth, domhain, san airdeall ar na sonraí beachta a bhaineann le foirm, ábhar agus feidhm na dtéacsanna.

Dírítear in *scileanna feasachta teanga agus anailíse a fhorbairt* ar bhunchloch de scileanna ilteangach ginearálta a thógáil, agus meas a léiriú ar éagsúlacht teanga agus chultúrtha an scoláire, ní dhéantar eolas an scoláire ar theangacha difriúla agus ar chultúir dhifriúla a stóráil ar leithligh, ach go comhtháite. Tacaíonn na scileanna a leagtar béim orthu sa chuid seo le forbairt na hinniúlachta teanga ar leith sa Laidin, a bhfuil gá léi le bheith i do léitheoir cumasach ar na téacsanna Laidine. Tá an-bhuntáiste ag baint leis na scileanna seo do thuiscint an scoláire ar theangacha eile freisin, teanga an teagaisc ina measc, agus cabhraítear leis a bheith ina fhoghlaimeoir agus ina úsáideoir teanga machnamhach agus féinfheasach.

Forbraíonn an scoláire an cumas tuiscint a fháil ar bhrí agus ar fheidhm ghramadúil na bhfocal agus an fhriotail trí anailís chórasach a dhéanamh ar na comhchodanna, lena n-áirítear na fréamhacha, na tamhain, na hiarmhíreanna agus na foircinn, agus a réasúnaíocht a mhíniú dá chomhscoláirí. Foghlaimítear le focail a aithint a bhaineann le cineál focail ar leith, mar shampla ainmfhocail, aidiachtaí, forainmneacha, dobhriathra, foirmeacha na mbriathra finideacha, infinidigh agus rangabhálacha, agus pátrúin an infhillidh mar shampla díochlaontaí na n-ainmfhocal agus réimniú na mbriathra. Foghlaimítear, mar shampla, príomhchlásail a aithint agus príomhbhriathra, struchtúir rangabhálacha agus infinideacha, agus cineálacha éagsúla na bhfochlásal

[1] Imleabhar a Ghabhann leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, Comhairle na hEorpa, 2018, lch 33.

agus na n-abairtí coinníollacha; an t-athrú idir nathanna agus leaganacha cainte Laidine ó sheánra go seánra, ó údar go húdar, agus ó tréimhse go tréimhse.

Sna gníomhaíochtaí seo uilig, aimsíonn an scoláire nasc idir a chuid foghlama ar an Laidin agus an t-eolas atá aige ar theangacha eile, ag baint leas as agus ag cur lena stór teangeolaíoch. Is féidir leis, mar shampla, leas a bhaint as an eolas gabhchumais atá aige i dteanga eile chun brí fhocail nó nath cainte Laidine a oibriú amach; ceangal a aimsiú idir focail Laidine agus a bhfréamhaithe nó a bhfocail ghaolmhara i dteangacha eile atá ar eolas aige; comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir an chaoi go n-oibríonn na teangacha eile atá ar eolas aige mar chórais; tabhairt faoi deara go bhfuil focail i dteangacha iasachta ar nós na Laidine, do choincheapa a bhfuil dlúthbhaint acu leis an gcultúr agus nach féidir iad a aistriú.

Agus ar ndóigh, foghlaimíonn an scoláire na meonta agus forbraíonn sé an cumas teacht ar acmhainní a chabhróidh leis a bheith ina fhoghlaimeoir neamhspleách, muiníneach agus éifeachtach na Laidine, agus scileanna a fhorbairt a chabhróidh leis agus teangacha eile á bhfoghlaim aige. Foghlaimítear le foclóirí, graiméir, uirlisí parsála, aistriúcháin, eagráin agus tráchtaireachtaí, ar pár agus ar líne, a aimsiú agus a úsáid go héifeachtúil. Foghlaimítear le machnamh a dhéanamh ar a straitéisí foghlama féin agus ar an dul chun cinn a rinneadh agus taitneamh a bhaint as an aoibhneas máistreacht a fháil ar theanga a labhraíodh, a scríobhadh agus a mbítí ag smaoineamh inti ar feadh breis is dhá mhíle bhliain.

## Snáithe 1: Torthaí foghlama

### Téacsanna Laidine a thuiscint

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • cineálacha éagsúla téacs, ar nós scéalta, drámaí, óráidí, cineálacha éagsúla filíochta, inscríbhinní, graifítí, manaí<br>• bealaí éagsúla léitheoireachta, mar shampla ar mhaithe le pléisiúr, le cleachtadh teangeolaíoch a dhéanamh, don taighde, don léirmhíniú, don chomparáid | **1.1.** réimse téacsanna Laidine dílse, curtha in oiriúint agus curtha le chéile a fhiosrú i réimse seánraí agus formáidí. |
| • tábhacht na bhfocal agus na nathanna cainte a fhoghlaim, agus na straitéisí chun é sin a dhéanamh<br>• feiniméin léacsacha cosúil le nathanna cainte, nathanna fileata, an ghnáthchaint, meafair | **1.2.** réimse míreanna léacsacha a aithint ag leibhéal na bhfocal, na nathanna cainte agus na comhlogaíochtaí i gcomhthéacs. |
| • teacht ar thuairim maidir leis an gcaoi go bhfuaimníodh an Laidin agus í ina teanga bheo<br>• an tábhacht a bhaineann le ton, béim, rithim agus an mheadaracht | **1.3.** focail, frásaí agus abairtí Laidine a fhuaimniú le dóthain cruinnis, tuin chainte agus rithim chuí go dtuigfí é. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • straitéisí éifeachtacha don chomhoibriú chun tacaíocht a thabhairt dá fhorbairt teanga féin agus d'fhorbairt teanga a phiaraí | **1.4.** comhoibriú le daoine eile chun an Laidin a thuiscint |
| • ceapadóireacht go Laidin<br>• idirdhealú a dhéanamh idir fréamh an bhriathair agus foirceann an bhriathair<br>• an chaoi go n-athraíonn codanna na bhfocal chun réimse leathan bríonna a chur in iúl | **1.5.** stór focal agus rialacha gramadaí a fhiosrú trí bheith ag críochnú agus ag athrú frásaí agus abairtí simplí go Laidin |
| • eolas stór focal, gramadaí agus sonraí maidir leis an gcomhthéacs a úsáid sa phróiseas aistriúcháin<br>• an chaoi go gcuireann an bhunteanga agus an sprioctheanga brí in iúl go héagsúil | **1.6.** aistriúcháin chruinne agus nádúrtha a dhéanamh ar abairtí agus sleachta sa Laidin nach bhfuil róchasta. |
| straitéisí chun sainaithint agus measúnú a dhéanamh eolas fíriciúil sonrach nó eolas teangeolaíoch:<br>• stíl, sainréim, ton, modh, cuspóir<br>• ceisteanna, boinn agus éilimh<br>• dearcthaí agus seasamh<br>• argóintí agus tátail | **1.7.** eolas i dtéacsanna Laidine a mheas do chuspóir ar leith. |
| • bealaí chun eolas agus tuiscint a chur in iúl mar shampla achoimre a dhéanamh, liosta a chur le chéile, rangú a dhéanamh<br>• bealaí cruthaitheacha chun a thuiscint ar théacsanna a léiriú | **1.8.** cur síos a dhéanamh ar ábhar agus ar struchtúr na dtéacsanna Laidine i réimse bealaí. |
| • léitheoireacht chriticiúil<br>• bealaí éagsúla le brí a chur in iúl tríd an aistriúchán<br>• ról an aistritheora mar léirmhínitheoir, mar idirghabhálaí agus mar chruthaitheoir | **1.9.** aistriúcháin éagsúla ar théacs Laidine a mheas. |
| • cineálacha éagsúla téacs, ar nós scéalta, drámaí, óráidí, cineálacha éagsúla filíochta, inscríbhinní, graifítí, manaí<br>• teicnící liteartha ar leith, gnéithe foirmiúla agus figiúirí stíle | **1.10.** léirthuiscint a bheith aige do ghnéithe agus aidhmeanna ar leith na dtéacsanna Laidine. |

## Feasacht teanga agus scileanna anailíseacha a fhorbairt

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • réasúnaíocht chomparáideach a úsáid chun ciall a bhaint as focail nach bhfuil eolas aige orthu ó fhocail atá cosúil leo, leaganacha focal agus aicmí focal atá ar eolas aige cheana féin<br>• eolas comhthéacsúil a úsáid chun ciall a bhaint as focail | **1.11.** ciall a bhaint as focail Laidine nach bhfuil ar eolas aige agus as leaganacha focal trí chuimhneamh ar chomhpháirteanna an fhocail agus ar an gcomhthéacs láithreach agus níos leithne |
| • coincheapa na moirfeolaíochta agus na comhréire<br>• cineáil focal, infhilleadh, feidhmeanna gramadaí, ord na bhfocal<br>• gnásanna litrithe agus poncaíochta<br>• comhpháirteanna na bhfocal, go háirithe fréamhacha, tamhain, réimíreanna, iarmhíreanna, foircinn | **1.12.** raon patrúin agus struchtúir theangeolaíocha na Laidine a aithint agus a mbrí sa chomhthéacs a mhíniú. |
| • réasúnaíocht loighciúil a úsáid chun ciall a bhaint as frása nó as abairt bunaithe ar an struchtúr comhréire, ar an gcomhréir, ar na tuisil agus ar a bhfeidhmeanna gramadaí, srl.<br>• próisis réasúnaíochta a chur in iúl do dhaoine eile ar bhealach sothuigthe | **1.13.** an réasúnaíocht a mhíniú ar an léirmhíniú áirithe a dhéanann sé ar fhrása nó ar abairt Laidine. |
| • an cuspóir, agus an t-eolas, atá i bhfoclóirí, liostaí stór focal, graiméir agus tráchtaireachtaí, i bhfoirmeacha traidisiúnta agus leictreonacha, agus an chaoi le hiad a húsáid | **1.14.** acmhainní teanga na Laidine a úsáid go héifeachtach, chun brí na bhfocal, na bhfrásaí agus na n-abairtí a fháil amach. |
| • seilbh a ghlacadh ar a chuid foghlama féin<br>• acmhainní a chruthú ar nós eagraithe grafacha agus luaschártaí | **1.15.** monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a mhuinín féin sa teanga, ar a straitéisí foghlama teanga agus ar an úsáid a bhaineann sé as acmhainní teanga |
| • coincheapa teibí na Laidine a bhfuil dlúthbhaint acu leis an gcultúr i réimsí amhail inscne, ceartas, caidrimh phearsanta, poist nach bhfuil ann dóibh i dteangacha eile, mar shampla virtus, otium, officium | **1.16.** cosúlachtaí nó éagsúlachtaí a shainaithint sna bealaí a chuirtear coincheapa in iúl agus a thuigtear iad i dteangacha difriúla. |
| • na cosúlachtaí agus na difríochtaí i bpátrúin theangeolaíocha agus nathanna foclóra idir an Laidin agus teangacha eile | **1.17.** comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir na teangacha atá ar eolas aige le tacú lena thuiscint ar théacsanna Laidine. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • focail a thagann ón Laidin nó a bhfuil baint acu le focail Laidine i dteangacha ar nós an Bhéarla, na Gaeilge, agus i dteangacha rómánsacha | **1.18.** sanasaíocht na bhfocal a thagann ón Laidin i dteangacha eile atá ar eolas aige a iniúchadh. |
| • an chuma dhifriúil atá ar an Laidin, mar shampla, i dtéacsanna clasaiceacha agus meánaoiseacha, nó i bhfilíocht eipiciúil agus i ngraifítí | **1.19.** measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh rogha focal, comhréir, gramadach agus struchtúr téacs sa Laidin athrú de bharr seánra, cuspóra, comhthéacs agus ag brath ar an aois lena mbaineann siad. |

## Snáithe 2: Litríocht i gComhthéacs

Baineann torthaí foghlama an tsnáithe seo le *litríocht na Laidine* agus *an cultúr Rómhánach á iniúchadh trí théacsanna Laidine*. Baineann siad go sonrach le foghlaim na teanga clasaicí sa chaoi is go ndírítear ar staidéar a dhéanamh ar théacsanna liteartha na Laidine laistigh dá gcomhthéacsanna éagsúla. Dearadh an snáithe seo leis an tuiscint nach scarann an scoláire na cultúir éagsúla a bhfuil taithí aige orthu ach go ndéantar comparáid agus codarsnacht i gcónaí idir an cultúr a bhfuil a theanga á fhoghlaim aige agus na gnásanna, na hionchais, na hiompraíochtaí agus na dearcthaí atá ar eolas aige ó chultúir eile, a chultúr féin ina measc.

Is éard atá i gceist le litríocht na Laidine ná foghlaim le téacsanna na Laidine a lonnú, téacsanna liteartha go háirithe, sa chiall is leithne. Forbraíonn an scoláire an cumas gnéithe ar leith de théacs a mhíniú le tagairt don mhéid atá ar eolas againn faoi údar agus lucht féachana an téacs; ionchais a bhaineann le seánra an téacs, stíl nó modh scéalaíochta; agus gnéithe na staire, na polaitíochta, na hidé-eolaíochta, na fealsúnachta, na gnásanna sóisialta, na hamharc-ealaíne, na hailtireachta agus an chultúir ábhartha. Trí ghrinnléitheoireacht a dhéanamh ar na téacsanna chomh maith le staidéar a dhéanamh ar an gcomhthéacs, iniúchann an scoláire an tábhacht a bhféadfadh a bheith ag téacs dá lucht féachana bunaidh, an chaoi gur spreag sé údair agus amharcealaíontóirí níos deireanaí, agus an chaoi go bhfuil tábhacht fós ag baint leis sa lá atá inniu ann, ag aimsiú nasc idir gnéithe an téacs agus ceisteanna comhaimseartha, débhríonna agus cruachásanna agus a chuid luachanna, meonta, uaillmhianta agus faitíos féin. Dá bharr seo forbraítear meas ar thábhacht leanúnach na Laidine mar theanga na litríochta agus an chultúir le himeacht ama, ar fud an domhain agus in Éirinn.

Tá *An cultúr Rómhánach á iniúchadh trí théacsanna Laidine* ina chomhchuid do *Litríocht na Laidine*. Ní leagtar béim anseo ar théacsanna Laidine a thuiscint sa chomhthéacs ach ar ghnéithe an chultúir Rómhánaigh agus na staire Rómhánaí a thuiscint trí staidéar a dhéanamh ar théacsanna liteartha – cuireann an dá chur chuige lena chéile agus tá siad fite fuaite ina chéile. Trí thaighde a dhéanamh ar théacsanna Laidine agus iad a léamh, tógann an scoláire bonn eolais de réir a chéile maidir le topagrafaíocht na Sean-Róimhe agus an domhain Rómhánaigh, ócáidí stairiúla tábhachtacha, príomhghnéithe ealaín na Róimhe, daoine mór le rá, ainmneacha na ndéithe Rómhánacha, miotas agus scéalta tábhachtacha, agus príomhghnéithe an tsaoil laethúil.

Ní bhaineann fócas na sonraíochta teanga seo ar eolas stairiúil a fhoghlaim ann féin. Leagtar béim ar an gcaidreamh idir an téacs agus an comhthéacs i gcónaí, agus ba cheart go bhfoghlaimítear faoi stair na Róimhe, faoin litríocht, faoin ealaín agus faoin gcultúr i rith an turais foghlama chun téacsanna Laidine a léamh seachas mar ghníomhaíocht foghlama ar leith. Beidh an turas seo difriúil do gach scoláire, agus ní hé an cuspóir é bonn eolais chórasaigh a fháil maidir le fíricí stairiúla, dátaí agus ainmneacha, ach bunchloch a leagan síos atá fréamhaithe i dtéacsanna na Laidine, agus dúil a chruthú sa domhan Rómhánach chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh air.

## Snáithe 2: Torthaí foghlama

### Litríocht na Laidine

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| bealaí éagsúla chun freagra a thabhairt ar théacsanna, mar shampla:<br>• ceangal a aimsiú idir eachtraí agus luachanna pearsanta<br>• tábhacht na n-eachtraí agus na dtimpeallachtaí a mhíniú<br>• naisc a dhéanamh idir téacs agus a chomhthéacs<br>• carachtair a agus a gcaidrimh, a ndearcthaí, a gcruachásanna agus a gcinntí a iniúchadh | **2.1** freagra a thabhairt ar théacsanna Laidine i réimse bealaí. |
| • conas téacs a úsáid chun eolas a fháil faoin ré inar scríobhadh é<br>• iontaofacht agus tábhacht an eolais faoi théacsanna Laidine agus a n-údair a aimsiú agus a mheas. | **2.2** taighde a dhéanamh ar chomhthéacs na dtéacsanna Laidine agus a n-údair. |
| • comhthéacsanna atá ábhartha chun tuiscint a fháil ar théacsanna Laidine, mar shampla an stair, an pholaitíocht, an íde-eolaíocht, an fhealsúnacht, na gnásanna sóisialta, an amharc-ealaín, an ailtireacht agus an cultúr ábhartha. | **2.3** gnéithe ar leith de théacs Laidine a mhíniú agus tagairt á déanamh do chomhthéacsanna éagsúla an téacs. |
| • an tábhacht a bhaineann le an-aird a thabhairt ar rogha na bhfocal, ar an ngramadach, ar an gcomhréir agus ar struchtúr an téacs chun mionstaidéar a dhéanamh ar théacsanna. | **2.4** leas a bhaint as an ngrinnléitheoireacht chun tacú lena léirmhíniú ar théacs Laidine agus tagairt a dhéanamh d'fhocail an téacs. |
| • an difríocht a d'fhéadfadh a bheith idir tábhacht an téacs liteartha dá lucht féachana bunaidh agus an chaoi go bhféadfadh sé a bheith ábhartha do lucht féachana an lae inniu. | **2.5** an tábhacht a bhaineann le téacs liteartha dá lucht féachana a mheas. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • glacadh na litríochta, na staire agus an chultúir Rómhánaigh le himeacht aimsire, mar shampla léiriú na Rómhánach sna meáin nua-aimseartha, ina measc scannáin, cluichí agus ficsean stairiúil. | **2.6** samplaí de ghlacadh théacs liteartha na Laidine a scrúdú. |
| • marthanas agus tábhacht leanúnach na Laidine ó na cianaoiseanna | **2.7** meas ar thábhacht leanúnach na Laidine mar theanga na litríochta, na foghlama, na heolaíochta agus an reiligiúin le himeacht ama, ar fud an domhain agus in Éirinn. |

## An cultúr Rómhánach á iniúchadh trí théacsanna Laidine

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • áiteanna, eachtraí stairiúla tábhachta, agus daoine a chastar orthu i dtéacsanna Laidine | **2.8** taighde agus plé a dhéanamh ar ghnéithe na réigiún, na bpobal agus na gcultúr a d'úsáid an Laidin. |
| • gnéithe cosúil leis na miotais agus na finscéalta, na healaíona, na traidisiúin, an reiligiún, an tithíocht, cuisine | **2.9** iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe na hoidhreachta cultúrtha éagsúla agus an tsaoil laethúil a bhí sa tSean-Róimh agus sa domhan Rómhánach. |
| • Téacsanna na Laidine mar fhoinsí fianaise den ordlathas sóisialta, stádas, gnásanna sóisialta, caidrimh idirphearsanta, luachanna, creidimh, nósanna, agus dearcthaí<br>• an méid a thugann léiriú na n-údar Rómhánach ar 'dhaoine eile' le fios faoi ghnásanna na Rómhánach agus faoina dtuairimí maidir leis an mbrí a bhaineann le bheith i do shaoránach (fear na scothaicme) na Róimhe | **2.10** scrúdú a dhéanamh ar an méid atá le foghlaim ó théacsanna Laidine maidir le luachanna agus dearcthaí na Rómhánach |
| • dearcthaí agus tuairimí meáite a chur le chéile faoi thopaicí na Róimhe bunaithe ar fhoinsí príomha agus ar fhoinsí tánaisteacha | **2.11** plé chriticiúil a dhéanamh ar ghnéithe shochaí na Róimhe, na staire, na polaitíochta agus an chultúir. |
| • léirithe liteartha agus stairiúla na Rómhánach, steiréitíopaí, claontachtaí agus bolscaireacht mar shampla<br>• "an eachtarthacht" sa domhan Rómhánach, ar nós ban, eachtrannach agus sclábhaithe. | **2.12** téacsanna Laidine a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar fhéiniúlacht chultúrtha agus ar fhéinléiriú na Rómhánach agus machnamh chriticiúil a dhéanamh ar an gcaoi go gcuireann a dhearcthaí, a chlaontachtaí agus a thuairimí féin eolas ar fáil dá thuiscint ar an tsochaí Rómhánach. |

## Teagasc ar fhoghlaim an scoláire

Spreagtar scoláire na sraithe sinsearaí an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbairt a chuirfidh ar a chumas a bheith níos neamhspleáiche ina chuid foghlama agus a bheith tiomanta ar feadh an tsaoil don fhoghlaim teanga agus don léitheoireacht agus d'anailís a dhéanamh ar théacsanna don staidéar, don obair nó mar chaitheamh aimsire.

Tacaíonn Laidin na hArdteistiméireachta le raon leathan cuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a úsáid. De réir mar a théann an scoláire chun cinn, forbróidh sé straitéisí foghlama is féidir a úsáid i dtascanna agus in ábhair éagsúla, rud a ligfidh dó ceangal a dhéanamh idir Laidin, ábhair eile, agus taithí an ghnáthshaoil. Trí bheith ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí foghlama agus machnamh féintreoraithe, déanfaidh an scoláire pleanáil, monatóireacht, agus meastóireacht ar a chuid foghlama féin agus forbróidh sé meon dearfach maidir lena chumas féin rud a fhoghlaim. Trína bheith páirteach in obair ghrúpa, forbróidh an scoláire scileanna san argóint réasúnaithe agus scileanna maidir le héisteacht lena chomhghleacaithe, eolas faoina bhfuil ar siúl aige a chomhroinnt leo, agus machnamh a dhéanamh ar a chuid oibre féin agus ar obair a chomhghleacaithe.

Ba cheart go mbeadh idirnascacht ár dteanga, ár sochaí agus ár gcaidrimh idirphearsanta fite fuaite i dteagasc agus i bhfoghlaim sa seomra ranga, áit a spreagtar an múinteoir le béim a leagan ar nádúr sóisialta na teanga. Cuirfear rannpháirtíocht an scoláire sa seomra ranga agus an tuiscint atá aige ar an teanga chlasaiceach agus ar an tsochaí chun feabhais tar éis don mhúinteoir cabhrú leis an t-ábhar foghlama a cheangal lena shaol agus lena thaithí féin.

## Foghlaim agus oideachas teanga

Tá teanga ar cheann de na bealaí a smaoinímid, a eagraímid ár gcuid eolais, a gcuirimid ár smaointe agus ár mothúcháin in iúl agus a dhéanaimid cumarsáid le daoine eile. Cónaímid i ndomhan atá lán le teangacha, agus in Éirinn chomh maith, tá oidhreacht teangeolaíochta anseo. Cleachtaí smaointeoireachta iad gach gníomhaíocht, is cuma cén teanga atá i gceist.

Ar cheann de na príomhbhealaí a shainmhíníonn agus a roinneann sochaithe a gcultúr agus a n-aitheantas is ea tríd an teanga. Is meán idirghníomhaíochta atá inti, trína gcuirtear in iúl agus trína n-eagraítear eolas agus taithí. Tá a gnéithe agus castachtaí saibhre, sainiúla féin ag gach teanga, mar aon le luach intreach mar acmhainn i gcomhair rannpháirtíocht shóisialta, comhtháthú sóisialta, féidearthachtaí fostaíochta ar feadh an tsaoil agus deiseanna soghluaisteachta.

Úsáidtear an teanga freisin don fhéinléiriú agus cumarsáid idirphearsanta agus baintear leas aisti don fhoghlaim sa phróiseas oideachais. Tá sí ina toisc lárnach i bhfás an scoláire mar dhuine; an chaoi a bhfoghlaímid fúinn féin, faoi dhaoine eile agus faoin domhan breisteangach agus ilchultúrtha ina gcónaímid. Tugtar bealach dúinn freisin tríd an bhfoghlaim teanga saibhreas na gcultúr agus meon na ndaoine a úsáideann an teanga sin a thuiscint.

Tá daoine óga in Éirinn ag fás aníos i sochaí dhinimiciúil, bhreisteangach agus ilchultúrtha atá ag athrú go tapa ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Cónaíonn siad i ndomhan ina bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha, imirce agus soghluaisteacht ag tabhairt daoine níos gaire dá chéile ná riamh cheana. Sa tsochaí seo, a gcuireann fórsaí sóisialta, polaitiúla agus geilleagracha cruth uirthi, is féidir leis an deis chun a stór focal ilteangach a fhorbairt a bheith ina fhoinse chumhachtaithe don scoláire. Nuair a thugann an

scoláire faoi eispéiris foghlama teanga, faigheann sé eolas, scileanna, luachanna agus meonta chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar na hathruithe seo ionas gur féidir leis a bheith rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach inár sochaí bhreisteangach agus i ndomhan na hoibre.

Anuas ar dhul chun tairbhe na sochaí, bíonn dea-thionchair ag an bhfoghlaim teanga shaibhir ar fhorbairt phearsanta agus intleachta an scoláire agus ar a ghníomhaíochtaí fóillíochta. Breisíonn foghlaim teanga forbairt chognaíoch agus is féidir léi cur le leibhéil níos airde gnóthachtála i réimsí oideachais eile ar nós cumais mhatamaitice agus hipitéisí eolaíochta a fhoirmliú.

Tá an curaclam in Éirinn saibhir ó thaobh teanga de agus dá bhrí sin baineann inniúlacht teanga le dul chun cinn i ngach réimse foghlama. Tá dhá theanga oifigiúla stáit againn[2] an Béarla agus an Ghaeilge, agus cuirtear an dá cheann díobh ar fáil don scoláire mar aon le raon teangacha ón Eoraip agus taobh amuigh den Eoraip. Faigheann an foghlaimeoir teanga réimse scileanna a bhaineann le agus a chuireann le foghlaim in ábhair eile na sraithe sinsearaí, á chumasú chun a chuid eolais teanga reatha a chur i bhfeidhm le heolas nua agus chun a scileanna a aistriú chuig gach cineál foghlama ar a thuras foghlama ar feadh an tsaoil.

## Ag foghlaim teanga chlasaiceach

Aithníonn sonraíocht na teanga clasaicí seo an cur chuige creata a úsáidtear d'fhoghlaim agus do theagasc teangacha curaclaim na hArdteistiméireachta. Baineann cur chuige coiteann leis an gcreat seo i ngach sonraíocht teanga iasachta, na haidhmeanna, na hionchais don scoláire agus na cuir chuige measúnaithe ina measc. Gné thábhachtach na sonraíochta teanga is ea forbairt chumas an scoláire teanga a úsáid sna ceithre mhodh cumarsáide (gabhchumas, táirgeadh, idirghníomhú agus idirghabháil),[3] a chabhraíonn le cur chuige dírithe ar gníomh i leith na foghlama teanga agus an teagaisc a chur chun cinn agus tacú leis. Agus teanga chlasaiceach á foghlaim, bíonn an bhéim a leagtar difriúil, mar gheall nach é an sprioc deiridh é go mbeadh an scoláire ina úsáideoirí éifeachtach na teanga clasaicí, ach go mbíonn sé ina léitheoir éifeachtach na dtéacsanna a scríobhadh sa teanga, nach teanga dhúchais aon phobail í níos mó ach a bhfuil tábhacht chultúrtha agus stairiúil shuntasach ag baint léi i gcónaí. Tugann sé seo leo fios, go dtugtar tús áite do ghnéithe ar leith an ghabhchumais agus na hidirghabhála thar ghnéithe eile mar shampla an ginchumas teanga, an gabhchumas cluastuisceana, an t-idirghníomhú, agus an idirghabháil sa teanga a ndearnadh staidéar uirthi, a theagasctar ar bhealach a chabhraíonn leis an scoláire príomhspriocanna an chúrsa a bhaint amach.

Tugann an scoláire atá ag tabhairt faoi Theangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta a stór focal teanga uathúil féin leo chomh maith lena thaithí féin chun teanga a fhoghlaim, díreach cosúil le scoláire na nuatheangacha iasachta. Cé nach cainteoirí oidhreachta na Laidine ná na Sean-Ghréigise iad aon duine acu, d'fhéadfadh leibhéil éagsúla scileanna sna teangacha clasaiceacha agus inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha a bheith ag an scoláire, bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu go dtí seo. Ceaptar sonraíochtaí Theangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta d'fhoghlaimeoirí ó gach cúlra teanga. Áirítear leo sin an scoláire a bhfuil roinnt taithí aige cheana féin ar an teanga – tríd an snáithe "Teanga Chlasaiceach" i gClasaicí na Sraithe Sóisearaí, mar shampla – agus an scoláire nach bhfuil aon taithí aige ar an teanga.

[2] Achtaíodh an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017 (Acht 40 de 2017) i mí na Nollag 2020. Aithníonn an reachtaíocht seo an ceart atá ag úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann TCÉ a úsáid mar theanga dhúchais agus an teanga a úsáid, a fhorbairt agus a chaomhnú.

[3] Imleabhar a Ghabhann leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, Comhairle na hEorpa, 2018, lch 33.

Dá réir sin, tá sé i gceist go gcomhlíonadh torthaí agus taithí foghlama na sonraíochta seo riachtanais gach foghlaimeora. Tá measúnú ar fáil ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal araon. Toisc nach é an cuspóir a bhaineann le teanga chlasaiceach a fhoghlaim a bheith i d'úsáideoir éifeachtach den dara teanga, ní féidir ionchais an scoláire i sonraíocht na teanga clasaicí seo a ailíniú le leibhéal ar leith den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE).[4] In áiteanna ábhartha, áfach, ailínítear an tsonraíocht a bheag nó a mhór leis na leibhéil A2/B1.

Beartaítear go mbeidh an taithí ar fhoghlaim teangacha clasaiceacha sa tsraith shinsearach ábhartha do shaol an scoláire sa lá atá inniu ann agus amach anseo. Spreagfaidh sé iad le spéis agus fiosracht a bheith acu faoin gcaoi ar féidir leo teangacha a úsáid agus a fhoghlaim agus léirthuiscint a fhás do na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir tíortha, pobail agus cultúir. Leagfaidh sé sin bunchloch láidir don scoláire le tabhairt faoi thuras ar feadh an tsaoil mar dhuine ilteangach, á chumhachtú chun na scileanna agus na straitéisí a bheith aige le bheith ina fhoghlaimeoir níos neamhspleáiche, le tabhairt faoin domhan mór, le comhtháthú go sóisialta agus le bheith ina shaoránach gníomhach.

## An turas foghlama teanga

Is féidir breathnú ar fhoghlaim agus sealbhú na teanga clasaicí mar thuras foghlama teanga. Díríonn an scoláire sa turas seo ar bheith ina léitheoir cumasach, neamhspleách agus féinrialaitheach na dtéacsanna scríofa sa teanga chlasaiceach. Cuid thábhachtach den turas is ea foghlaim agus sealbhú teanga roimhe seo. Cé go mb'fhéidir nár fhoghlaim sé an teanga chlasaiceach cheana, tá ról tábhachtach ag na scileanna a d'fhorbair an scoláire agus a chéad teanga agus aon teanga(cha) eile á sealbhú aige chun an teanga seo a shealbhú agus a fhorbairt. Forbróidh sé straitéisí foghlama teanga is féidir a úsáid i dteangacha difriúla, rud a ligfidh dó ceangal a dhéanamh idir gnéithe den teanga agus taithí an ghnáthshaoil.

Is í an féinfheasacht an uirlis is éifeachtaí ar féidir le foghlaimeoirí teanga a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh. Le cabhair agus aiseolas ón múinteoir agus trí mhachnamh a dhéanamh ar a thuras foghlama teanga, glacann an scoláire na céimeanna riachtanacha chun a inniúlacht teanga a fhorbairt. Comhoibríonn an múinteoir agus an scoláire ar an gcuid seo den fhoghlaim teanga ar feadh an tsaoil. Leis na *caveat* a bhaineann le giniúint teanga agus le hidirghníomhú i dteanga nach í teanga dhúchais aon phobail í níos mó, féadfar tacú le hinniúlacht na teanga clasaicí a fhorbairt má úsáideann an múinteoir agus an scoláire an teanga chlasaiceach go cumarsáideach. Tá saineolas ag an múinteoir sa teanga agus tá eolas ar leith agus scileanna speisialta aige maidir le teagasc agus measúnú teanga chun an fhoghlaim a éascú. Nuair a thagann an scoláire ar dhúshláin agus deacrachtaí, tugann an múinteoir treoir, spreagadh, cabhair, aiseolas agus tacaíocht dó ionas gur féidir leis dul chun cinn a dhéanamh.

Le tacú le timpeallacht atá saibhir ó thaobh teanga de, tá sé inmhianaithe go spreagtar agus go dtacaítear leis an scoláire le dul i ngleic le téacsanna dílse. Baineann téacsanna liteartha leis seo amhail eipicí, startha, dánta liriciúla, fabhalscéalta, dialóga agus drámaí, chomh maith le téacsanna amhail graifítí, manaí agus feartlaoithe.

Bíonn ról freisin ag na comhscoláirí, an timpeallacht foghlama agus an pobal scoile. Trí chumarsáid a dhéanamh le comhscoláirí in obair i ngrúpaí, obair i

[4] Déantar cur síos ar na hinniúlachtaí cumarsáideacha a theastaíonn ó fhoghlaimeoirí teanga le bheith ina n-úsáideoirí éifeachtacha dara teanga sa Fhráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE), a d'fhoilsigh Comhairle na hEorpa in 2001. Rinneadh FTCE a nuashonrú in 2018 le seoladh an Imleabhair a Ghabhann le Fráma Tagartha Comónta Eorpach. Tar éis comhairliúcháin agus rannpháirtíochta ó pháirtithe leasmhara ar fud na hEorpa, foilsíodh an leagan deiridh den Imleabhar a Ghabhann le Fráma Tagartha Comónta Eorpach in 2020 (Comhairle na hEorpa, 2001, lch 1: www.coe.int/portfolio).

mbeirteanna agus gníomhaíochtaí comhoibritheacha eile, spreagtar an scoláire éisteacht lena chomhscoláirí agus machnamh a dhéanamh ar a chuid oibre féin agus ar obair a chomhscoláirí.

Má théitear i ngleic le réimse tascanna agus gníomhaíochtaí teanga bríocha, cuirfear ar chumas an scoláire ceannas a ghlacadh ar a fhoghlaim féin, á spreagadh chun spriocanna a leagan amach, pleananna gníomhaíochta a fhorbairt, freagairt d'aiseolas measúnaithe agus machnamh a dhéanamh air. Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim agus soláthróidh siad faisnéis atá inúsáidte mar aiseolas. Sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc a cheapadh agus/nó a sheachadadh ar na bealaí is oiriúnaí do riachtanais an scoláire aonair agus a scileanna teanga. De thoradh tascanna cuí, fíorshaoil agus mealltacha a shocrú, trí cheisteanna ardoird a chur, agus aiseolas a thabhairt a chuireann cumas gníomhúcháin an scoláire chun cinn, tacóidh an measúnú le foghlaim chomh maith le gnóthachtáil a ghabháil.

Mar a gcuirtear síos air thíos, féadfaidh an scoláire a Phunann Teanga a úsáid chun cur síos rialta a dhéanamh ar na rudaí a bhreithníonn sé faoin teanga, machnamh a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus ar chultúir thíre/thíortha agus phobail na teanga a bhfuiltear ag déanamh staidéir air. D'fhéadfadh sé cur síos a dhéanamh freisin ar na céimeanna is gá dó a ghlacadh chun dul chun cinn a dhéanamh mar fhoghlaimeoir agus mar úsáideoir teanga. Beidh na gnéithe sin mar bhuntaca lena dhul chun cinn leanúnach sa teanga.

## Punann teanga

Ar feadh dhá bhliain Laidin na hArdteistiméireachta, forbraíonn gach scoláire bailiúchán ábhair a bhailítear go rialta, agus de réir an dea-chleachtais, i bpróiseas na foghlama teanga, lena n-áirítear nithe amhail nótaí, liostaí stór focal, cleachtaí, samplaí aistriúcháin, anailísí agus comhráite faoi théacsanna, agus tionscadail agus cuir i láthair i bhformáidí agus i meáin éagsúla, chomh maith le logaí foghlama, machnaimh foghlaimeora agus spriocanna foghlama. An Phunann Teanga a thugtar ar an mbailiúchán seo.

Léirítear turas teanga an scoláire, próiseas agus dul chun cinn a thaithí foghlama teanga sa Phunann Teanga. Cuireann sé an scoláire i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe agus éascaíonn sé an fhoghlaim neamhspleách. Cruthaíonn sé spás inar féidir leis an scoláire taifead agus machnamh a dhéanamh ar a inniúlacht teanga atá ag fás agus ar a phróiseas foghlama teanga. Cuireann sé deis ar fáil dó spriocanna pearsanta inniúlachta sa teanga chlasaiceach a leagan síos, straitéisí foghlama teanga a fhorbairt, agus éirí níos eolaí air féin mar fhoghlaimeoir agus úsáideoir teanga.

Tacaíonn an Phunann Teanga le measúnú foirmitheach leanúnach sa seomra ranga teanga agus éascaítear an scoláire chun léiriú a thabhairt ar an méid atá bainte amach aige ag foghlaim na teanga. Tá féinmheasúnú ina chuid bhunúsach den Phunann Teanga agus spreagtar an scoláire chun spriocanna a leagan síos dá fhoghlaim agus monatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn féin trí mhachnamh measúnaithe. Anuas ar an aiseolas ón múinteoir, spreagfar an scoláire chun féinmheasúnú agus piarmheasúnú a dhéanamh ar a chuid oibre. Forbróidh sé seo a neamhspleáchas mar fhoghlaimeoir a thuilleadh. Ní bhíonn ról ag an bPunann Teanga sa mheasúnú don teistiúchán.

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Tacaíonn an measúnú leis an bhfoghlaim agus feabhsaíonn sé í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint. Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an scoláire aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú le haghaidh teistiúcháin bunaithe ar réasúnaíocht, ar aidhmeanna agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise a bhfuil staidéar taighde i gceist léi. Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal. Bunófar an staidéar taighde ar threoir chomónta. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Sa scrúdú scríofa, déanfar Laidin na hArdteistiméireachta a mheasúnú ar dhá leibhéal – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (Tábla 1). Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh an scoláire foghlaim atá cuí don leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar don scoláire atá i mbun scrúdaithe ag gach leibhéal.

Tá príomhscileanna na sraithe sinsearaí (Fíor 2) fite fuaite i dtorthaí foghlama na sonraíochta seo agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama.

| Comhpháirt Mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Staidéar taighde | 40% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |
| Scrúdúscríofa | 60% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

Tábla 1: Achoimre ar an measúnú don teistiúchán

## Comhpháirt mheasúnaithe bhreise – Staidéar taighde-téacs i gcomhthéacs

Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirt mheasúnaithe seo spiorad a fhiosrúcháin a fhorbairt sa scoláire maidir le tábhacht agus comhthéacs níos leithe na teanga agus na litríochta a chastar air, chomh maith le réimse scileanna chun an fiosrú sin a éascú. Dearadh an comhpháirt mheasúnaithe seo chomh maith chun ligean don scoláire staidéar féindhírithe a dhéanamh agus staidéar níos doimhne a dhéanamh ar ghné dá staidéir teanga a spreagann a spéis agus a fhiosracht, ar leibhéal cuí dá inniúlacht teanga agus do na srianta ama agus acmhainní. Sa mheasúnú ar an staidéar taighde, iarrfar ar an scoláire inniúlacht a léiriú san fhoghlaim nach furasta a mheasúnú go héasca leis an scrúdú scríofa. Éilíonn an staidéar taighde seo go ndéanfaidh an scoláire iniúchadh, measúnú agus tuairisciú ar thopaic a bhfuil dlúthbhaint aige leis an teanga agus atá fréamhaithe sa tsonraíocht.

Go háirithe, éilíonn an staidéar taighde go léireodh an scoláire go bhfuil sé in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- staidéar a dhéanamh ar théacsanna Laidine agus faisnéis theangeolaíoch, chomhthéacsúil a phróiseáil
- eolas a shintéisiú agus a mheas trí chur chuige agus choincheapa a chur i bhfeidhm atá nasctha le sonraíocht na Laidine agus breith eolach a dhéanamh
- comhthéacs níos leithne an domhain chlasaicí inar mhair an teanga a aithint agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi go gcuireann an t-eolas agus an tuiscint seo lena thuiscint agus lena mheas ar an teanga agus ar na téacsanna ar leith sa teanga.

Beidh an staidéar taighde bunaithe ar threoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), a fhoilseoidh na dátaí chun gach rud a chur i gcrích agus a chur isteach freisin. Meastar go dtógfaidh an staidéar taighde suas le 20 uair an chloig le cur i gcrích.

Cuirfidh an treoir an creat théamach ar fáil don scoláire chun topaic a roghnú, i gcomhar lena mhúinteoir. Laistigh dá thopaic ar leith, roghnaíonn an scoláire gné thábhachtach ach sholáimhsithe na teanga nó de théacs gearr nó de shliocht as téacs Laidine agus déanfaidh sé an ghné sin a iniúchadh i gcomhthéacs níos leithne. Is féidir leis an gcomhthéacs seo baint a bheith aige, mar shampla, leis an tábhacht litearthachta níos leithne, teangeolaíocha, ealaíonta, stairiúla, cultúrtha, sóisialta, polaitiúla, fealsúnacha, nó reiligiúnacha. Ba cheart go mbeadh anailís bunaithe ar theanga i gcroílár an iniúchta seo.

## Tuairisceoirí cáilíochta don Staidéar Taighde

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a baineadh amach sa Staidéar Taighde. Go háirithe, éilíonn an staidéar go bhforbróidh an scoláire eolas agus tuiscint ar an ábhar a roghnaíodh. Ba cheart don scoláire taighde a dhéanamh ar fhaisnéis ó fhoinsí maidir lena thopaic agus í a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil. Ba cheart dó tuiscint a fháil ar thábhacht na bhfoinsí agus na fianaise do bhreithiúnais agus do thátail, chomh maith le cur chuige agus struchtúr ciallmhar a leanúint agus torthaí a thaighde á gcur i láthair aige. Ba cheart go mbeadh an scoláire feasach freisin ar an gcomhthéacs níos leithne agus ar an tábhacht a bhaineann leis an ábhar a roghnaíodh.

| An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|
| • Smaointeoireacht chriticiúil atá forbartha go maith a léiriú i bhfoirm na hanailíse bunaithe ar theanga | • Smaointeoireacht chriticiúil mhaith a léiriú i bhfoirm na hanailíse bunaithe ar theanga | • Roinnt smaointeoireacht chriticiúil a léiriú i bhfoirm na hanailíse bunaithe ar theanga |
| • rannpháirtíocht chuimsitheach a léiriú leis an topaic roghnaithe | • rannpháirtíocht mhaith a léiriú leis an topaic roghnaithe | • rannpháirtíocht mheasartha a léiriú leis an topaic roghnaithe |
| • eolas agus tuiscint ardfhorbartha ar an topaic a thaispeáint | • tuiscint agus eolas meánfhorbartha ar an topaic a thaispeáint | • roinnt eolais agus tuisceana ar an topaic roghnaithe a thaispeáint |
| • comhleanúnachas inmholta a léiriú i leith an chuir chuige, an ábhair agus an struchtúir agus torthaí an taighde á léiriú | • comhleanúnachas inmholta a léiriú i leith an chuir chuige, an ábhair agus an struchtúir agus torthaí an taighde á léiriú | • easpa comhleanúnachais a léiriú i leith an chuir chuige, an ábhair agus an struchtúir agus torthaí an taighde á léiriú. |
| • ardchumas a léiriú i leith taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, í a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil go han-stuama ó réimse leathan foinsí agus tuiscint shainiúil a léiriú ar ról na bhfoinsí agus na fianaise chun breithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint amach. | • cumas a léiriú i leith taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, í a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil go stuama ó réimse leathan foinsí agus tuiscint shainiúil a léiriú ar ról na bhfoinsí agus na fianaise chun breithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint amach. | • cumas áirithe a léiriú i leith taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, í a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil go stuama ó réimse leathan foinsí agus tuiscint shainiúil a léiriú ar ról na bhfoinsí agus na fianaise chun breithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint amach. |
| • feasacht dhomhain a léiriú ar chomhthéacs níos leithne an ábhair a roghnaíodh i stair an domhain chlasaicigh, agus cás spéisiúil a dhéanamh maidir le suntasacht an ábhair a roghnaíodh. | • feasacht a léiriú ar chomhthéacs níos leithne an ábhair a roghnaíodh i stair an domhain chlasaicigh, agus cás spéisiúil a dhéanamh maidir le suntasacht an ábhair a roghnaíodh. | • gan mórán feasachta a léiriú ar chomhthéacs níos leithne an ábhair a roghnaíodh i stair an domhain chlasaicigh, agus gan cás spéisiúil a dhéanamh maidir le suntasacht an ábhair a roghnaíodh. |

Tábla 2: Tuairisceoirí cáilíochta: Staidéar taighde

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- an fhoghlaim a ndearnadh cur síos uirthi sa dá shnáithe den tsonraíocht
- an t-ábhar atá leagtha síos agus eisithe i gciorclán na Roinne Oideachais do gach scoilbhliain, a mbeidh an méid seo a leanas i gceist leis:
  - An Príomhthéacs: sleachta ar leith i Laidin agus treoir maidir leis an gcomhthéacs ginearálta (liteartha, cultúrtha, stairiúil agus míreanna gramadaí atá leagtha síos).
  - Foirmeacha agus struchtúir ghramadaí atá leagtha síos.

# Socruithe réasúnta

Éilíonn an tsonraíocht seo do Laidin na hArdteistiméireachta go rachaidh an scoláire i ngleic le nádúr an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Tá dhá chuid ag baint leis an measúnú don teistiúchán i Laidin na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa ar fiú 60% de na marcanna ar fad é agus comhpháirt bhreise ar fiú 40% é. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú leis an scoláire a mbeadh deacracht aige an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas aige a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis an scoláire sin an méid atá ar eolas aige agus an méid atá sé in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm agus atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na socruithe seo.

Bíonn cúinsí ann inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a léiriú, le linn don scoláire a bheith á mheasúnú le haghaidh teastasú, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá eolas níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula ndéanfaidh an scoláire cinneadh chun staidéar a dhéanamh ar Laidin na hArdteistiméireachta, ba cheart don scoláire agus a thuismitheoirí, i gcomhairle leis an scoil, athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh sé in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige a fhágann nach mbeadh sé in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach aige, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Laidin na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádúcháin 8 bpointe. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1–7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéal agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéal.

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| A1/G1 | 90 – 100 |
| A2/G2 | 80 < 90 |
| A3/G3 | 70 < 80 |
| A4/G4 | 60 < 70 |
| A5/G5 | 50 < 60 |
| A6/G6 | 40 < 50 |
| A7/G7 | 30 < 40 |
| A8/G8 | < 30 |

Tábla 3: Grádú na hArdteistiméireachta

# Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Aithin** | Fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Ciall a bhaint as** | brí nó comhleanúnachas a aimsiú i rud éigin |
| **Comhoibriú** | bheith ag obair lena chéile nó in éineacht le daoine eile ar ghníomhaíocht nó ar thionscadal |
| **Cruthaigh** | Rud éigin a chruthú |
| **Cuir i gcodarsnacht** | Comhfhreagrachtaí idir dhá smaoineamh a bhrath |
| **Cuir luach ar** | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| **Cuir síos** | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| **Fiosraigh** | Brí a mheas nó a lorg ó dhearcthaí éagsúla |
| **Freagra a thabhairt ar** | Freagairt do spreagadh (téacs) de réir na gcritéar éagsúil |
| **Fuaimnigh** | Déan fuaim an fhocail (nó cuid an fhocail) ar an mbealach ceart nó ar bhealach áirithe |
| **Iniúch** | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| **Léirmhínigh** | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| **Meas (cuimhnigh ar...)** | cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil |
| **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Measúnaigh (SONRAÍ)** | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n$áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Monatóireacht a dhéanamh ar** | Scrúdaigh, tabhair faoi deara agus déan machnamh ar |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba cheart tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| **Scrúdaigh** | argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus idirghaolmhaireacht na saincheiste |
| **Tuig** | Corpas dea$eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| **Úsáid** | Úsáid a bhaint as |
| **Úsáid** | eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh |

An Roinn Oideachais
Department of Education

Foilsithe mí Lúnasa 2024.